


# Tíreolaíocht

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tíreolaíocht mar ábhar scoile. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal seo a aimsiú?

1. croí-ábhar
2. An Teastas Sóisearach
3. nuachtán náisiúnta
4. ról tábhachtach
5. Ceann nó Ceannasaí (Roinne)
6. ábhar roghnach
7. i gcoitinne
8. athrú aeráide
9. bochtanas
10. athbhreithniú



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat.

## Ceist 2

**(A)** Cén Béarla atá ar na háiteanna seo?

Coláiste na Tríonóide  
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath  
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh  
Ollscoil Luimnigh  
Ollscoileanna na hÉireann

**(B)** Baineadh úsáid as focail eile ar 'bochtanas' agus 'tíreolaíocht' sa mhír. Cad iad?

## Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a bhfuil inní ar Chinn Roinne de shé Roinn Tíreolaíochta sa tír?
2. Cad a bhí le rá ag Pádraig Ó Carmada faoin scéal?
3. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoin ábhar scoile 'stair' sa mhír?

## Ceist 4

Éist leis an gcuid seo den mhír arís agus cuir gach urú atá in easnamh san áit cheart.

I litir a foilsíodh sa *Sunday Independent* inné, deir an Dr Pádraig Ó Carmada, Ceannasaí na Roinne Tíreolaíochta i Coláiste na Tríonóide, agus ceannasaithe na ranna sin i Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath; i Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; i Ollscoil Luimnigh agus Ollscoileanna na hÉireann i Maigh Nuad agus i Gaillimh, gur ábhar mór inní nach bhfuil i tíreolas ach ábhar roghnach anois. Agus, go mbeidh tionchar diúltach aige seo ar dhaoine óga agus ar an tír i coitinne.

**Ceist 5** ‘...á mhúineadh...’

An féidir leat an síneadh fada a mhíniú sa sampla thuas? Éist leis an gcéad abairt a bhí ag Peadar Mac Gaoithín arís le feiceáil an gcabhróidh an comhthéacs leat.

Féach ar na samplaí seo thíos anois. Bain amach na lúibíní agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar sna spásanna:

- Bhí an dinnéar á (ith) \_\_\_\_\_ ag na fir nuair a tháinig na cuairteoirí.
- Tá na litreacha á (cuir) \_\_\_\_\_ sa phost aige anois díreach.
- Is mór an trua nach bhfuil na pointí tábhachtacha sin á (pléigh) \_\_\_\_\_ sa tsochaí i gcoitinne.
- Tá an óráid á (tabhair) aici faoi láthair.
- Is cinnte go mbeidh an obair á (críochnaigh) acu faoin am seo amárach.

**Ceist 6**

Féach ar na hábhair scoile thíos. Cuir in ord taitneamhachta iad, trí uimhir a haon a chur leis an ábhar scoile is fearr leat, agus mar sin de go dtí go gcuireann tú uimhir a cúig déag in aice leis an ábhar nach maith leat.

Gaeilge  
Béarla  
Matamaitic  
Bitheolaíocht  
Ceimic  
Fisic  
Fraincis  
Gearmáinis  
Spáinnis  
Tíreolaíocht  
Stair  
Eolaíocht Ríomhaireachta  
Staidéar Gnó  
Léann Clasaiceach  
Eacnamaíocht Bhaile

Pléigh do liosta leis an duine in aice leat.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

11. core subject	<i>croí-ábhar</i>
12. Junior Certificate	<i>An Teastas Sóisearach</i>
13. national newspaper	<i>nuachtán náisiúnta</i>
14. important role	<i>ról tábhachtach</i>
15. Head (of department)	<i>Ceann nó Ceannasaí (Roinne)</i>
16. elective subject	<i>ábhar roghnach</i>
17. in general	<i>i gcoitinne</i>
18. climate change	<i>athrú aeráide</i>
19. poverty	<i>bochtanas</i>
20. review/reassessment	<i>athbhreithniú</i>

bochtanas – daibhreas  
tíreolaíocht – tíreolas

### Ceist 2

Trinity College – Coláiste na Tríonóide  
UCD – an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath  
UCC – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh  
UL – Ollscoil Luimnigh  
Universities of Ireland – Ollscoileanna na hÉireann

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

I litir a foilsíodh sa *Sunday Independent* inné, deir an Dr Pádraig Ó Carmada, Ceannasaí na Roinne Tíreolaíochta i **g**Coláiste na Tríonóide, agus ceannasaithe na ranna sin i **g**Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath; i **g**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; **in** Ollscoil Luimnigh agus Ollscoileanna na hÉireann i Maigh Nuad agus i **n**Gaillimh, gur ábhar mór inní nach bhfuil i **dtíreolas** ach ábhar roghnach anois. Agus, go mbeidh tionchar diúltach aige seo ar dhaoine óga agus ar an tír i **gcoitinne**.

### Ceist 5

1. Tá dhá chiall ag baint le ‘á + ainm briathartha’:
  - a. Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm bhriathartha sa Ghaeilge. i. ní féidir ‘ag déanamh + é’ a rá sa Ghaeilge, mar sin is é ‘á dhéanamh’ an Ghaeilge atá ar ‘*doing it*’.
  - b. Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla, ‘Tá sé á dhéanamh (aige)’ = *It is being done (by him)*.

Is é an dara struchtúr seo atá i gceist sa sampla ‘rang á mhúineadh’ (*class being taught*) atá le fáil sa mhír nuachta seo.

2. Tá na rialacha a bhaineann le ‘á’ cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe. Mar shampla:

*dinnéar (firinscneach, uimhir uatha) á dhéanamh,*  
*obair (baininscneach, uimhir uatha) á déanamh,*  
*scrúduithe (uimhir iolra) á ndéanamh.*

Bhí an dinnéar á **ithe** ag na fir nuair a tháinig na cuairteoirí.

Tá na litreacha á **gcur** sa phost aige anois díreach.  
Is mór an trua nach bhfuil na pointí tábhachtacha sin á **bplé** sa tsochaí i gcoitinne.  
Tá an óráid á **tabhairt** aici faoi láthair.  
Is cinnte go mbeidh an obair á **críochnú** acu faoin am seo amárach.

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na hábhair scoile a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

Tá inní ar Chinn Ranna Tíreolaíochta i sé ollscoil sa tír, go bhfuil tíreolas bainte de liosta na gcroí-ábhar sa Teastas Sóisearach. I litir a foilsíodh i nuachtán náisiúnta inné, deir lucht acadúil go bhfuil ról tábhachtach ag an tíreolaíocht maidir le tuiscint agus réiteach a fháil ar fhadhbanna domhanda, athrú aeráide agus bochtanas ina measc.

**Peadar Mac Gaoithín**

Rang tíreolaíochta á mhúineadh i nGaelcholáiste Reachrann, i nDomhnach Míde, i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath inniu. Baineadh tíreolas agus stair de liosta na gcroí-ábhar a gcaithfear staidéar a dhéanamh orthu sa Teastas Sóisearach anuraidh, agus is ábhair roghnacha iad ó shin.

I litir a foilsíodh sa *Sunday Independent* inné, deir an Dr Pádraig Ó Carmada, Ceannasaí na Roinne Tíreolaíochta i gColáiste na Tríonóide, agus ceannasaithe na ranna sin i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath; i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh; in Ollscoil Luimnigh agus Ollscoileanna na hÉireann i Maigh Nuad agus i nGaillimh, gur ábhar mór inní nach bhfuil i dtíreolas ach ábhar roghnach anois. Agus, go mbeidh tionchar diúltach aige seo ar dhaoine óga agus ar an tír i gcoitinne.

**Dr Pádraig Ó Carmada, Ceannasaí na Roinne Tíreolaíochta, Coláiste na Tríonóide**

Athrú aeráide mar shampla, an daibhreas timpeall an domhain, san Afraic mar shampla, rudaí mar sin. Níl ach domhan amháin againn agus is é an tíreolaíocht an t-aon ábhar a bhfuil staidéar eolaíochta agus staidéar sóisialta le chéile ann. Agus, caithfidimid, agus caithfidh na daoine in Éirinn agus na páistí, caithfidh siad a bheith ábalta na rudaí sin a phlé le chéile, má theastaíonn uainn na fadhbanna sin a réiteach.

**Peadar Mac Gaoithín**

Tá athbhreithniú ar bun i láthair na huaire ag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an chinneadh ábhar roghnach a dhéanamh de stair.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.